



16/12/2018

# Gaeilscoil Thaobh na Coille

## Nollaig Shona & Athbhliain faoi Mhaise

### Féile na Nollag



Bhí Féile Nollag na ranganna sóisearacha ar siúl i halla na scoile ar an Déardaoin seo thart an 12 Nollaig. Le cinnte a dhéanamh go mbeadh spás a bheith sa halla do na tuismitheoirí ar fad glacadh an cinneadh dhá cheolchoirm a chur ar siúl, ceann amháin do ranganna na naíonáin agus ceann eile do ranganna 1 & 2. Is maith an rud go ndearnamar sin mar bhí an halla lán go doras don dá sheó agus scuaine fhada ag dul siar chomh fada leis an ngeata isteach ag am tosaithe an seó! Cé go bhfuil an il-íomad seó nollaig feicthe agam ó thosaigh mé amach ag múineadh cuireann sé gliondar ar mo chroí, bliain i ndiaidh bliana na páistí óga a fheiceáil ag aisteoireacht agus ag canadh amach in ard a gcinn is a ngutha.



*Our junior classes' Féile na Nollag was held on Thursday last the 12th of December. In order to ensure that there would be enough space in the hall for parents we decided to hold two concerts on the one day, the first for our infant classes and the second for 1st & 2nd class. It was certainly the right decision as the hall was packed to the rafters for both concerts and a queue going all the way out to the school gates prior to the doors being opened! Despite the fact that I have seen many a christmas concert since I began my teaching career I still absolutely love watching the young children performing and singing their little hearts out for their parents.*



Beidh Féile na Nollag Daltaí R3 - R6 ar siúl ar an Mháirt an 17 Nollaig i halla na scoile ag a 1.00pm. Cuirimid lán-fháilte roimh thuismitheoirí uile na scoile a bheith i láthair ag an ócáid speisialta seo. Os rud é go mbeimid gann ar spás sa halla ní bheidh daltaí ó ranganna eile sa scoil in ann a bheith sa halla don seó seo. Beidh Féile na Nollag feicthe acu níos luaithe an mhaidin sin.

*We will be holding our Féile na Nollag for pupils from R3 to R6 on Tuesday 17th December at 1.00pm. We cordially invite all parents to join us at this special occasion. As we will be pushed for space in the hall children from the junior classes will not be able to be in the hall during the performance. They will attend a full rehearsal of the show earlier in the day.*



## Scéalta Scoile

## Píotsa Pizza R6A &amp; R6B



Ar an 28ú Samhain, shroich daltaí rang a 6 cúig phointe is seachtó don Ghaeilge. Le ceiliúradh a dhéanamh, rinne na páistí píotsa ar scoil. Bhí na cómhábhair leagtha amach ar na boird; bonn píotsa, cáis, anlann trátaí, pepperoni, liamhás, anann, agus arbhar milis. Bhí an boladh cosúil le Dominoes! Bhí ionadh an domhain orthu nuair a chonaic siad é.

Rinne na páistí na píotsaí i mbeirteanna. Nuair a bhí na píotsaí réidh don oighean, chuir na páistí na píotsaí ar thráidí agus chuir an múinteoir iad san oighean ar feadh 8 nóiméad. Bhí boladh píotsa i ngach áit sa scoil.

Thóg na páistí na píotsaí suas go dtí na seomraí ranga agus bhí boladh álainn ann. Ghearr an múinteoir iad suas i slisíní. Bhí na páistí ar mhuin na muice! Rinne siad píotsaí do na múinteoirí chomh maith. Bhí gach duine sona sásta agus chuaigh na páistí abhaile gan aon obair bhaile!

*On the 28<sup>th</sup> of November, the students of 6<sup>th</sup> class earned 75 Irish points for using great Gaeilge. To celebrate, the teachers surprised them by letting them make pizzas in class. When they walked into the classroom, there was an assortment of ingredients such as pizza bases, tomato sauce, cheese, pepperoni & other toppings on a table. It smelled like a pizza shop. They gasped in astonishment at all the wonderful sights and smells.*

*The children made their pizzas in pairs. When they were ready for the oven they were put onto trays and brought down to the kitchen. Within minutes the whole school smelled like pizza.*

*They brought them up to the classroom and the pizzas looked heavenly. The teacher cut them up into slices. The children were so ecstatic they could not wait to dig in. They even made some pizzas for the teachers. Best of all, they went home with no homework!*

Scríofa ag Niamh Ní Mhaonaigh & Niamh Ní Dhúghaill R6A

## Comórtas Maisiúcháin Crann Nollaig

## Christmas Tree Decorations



Ghlac an scoil páirt i gcomórtas maisiúcháin Nollag mar chuid de Chomórtas i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Rath an Dún. Bhí ar na maisiúcháin a bheith déanta as ábhair athchúrsáilte nó as ábhar athúsáidte (rollaí páipéar leithris, claibín buidéil plaisteach, sean-bhuidéil plaisteach, boscaí uibheacha &rl.).

Roghnaíodh maisiúchán amháin ó gach rang. Bhí caighdeán den chéad scoth ar na maisiúcháin. Bhí cinneadh dúshlánach le déanamh ag na múinteoirí maisiúchán amháin a roghnú as na maisiúcháin ar fad le cur ar aghaidh don chomórtas.

Roghnaíodh an maisiúchán a rinne Keelin Ní Dhuibhir le cur ar aghaidh mar iarratas Ghaelscoil Thaobh na Coille sa chomórtas réigiúnach i nDún Laoghaire. Tá taispeántas álainn de chuid de na maisiúcháin ar an gcrann Nollag sa phasáiste in íochtar na scoile.

*The school participated in a Christmas decoration competition as part of an event run by Dún Laoghaire-Rathdown County Council. The decorations had to be made out of recycled or re-used materials (toilet paper rolls, plastic bottle caps, old plastic bottles, egg cartons, etc.).*

*One decoration was chosen from each class. The standard was very high and the teachers had a very challenging decision to make when choosing one decoration to put forward to the competition.*

*Keelin Ní Dhuibhir's decoration was chosen as Gaelscoil Thaobh na Coille's entry in the regional competition in Dún Laoghaire. There is a beautiful display of some of the decorations on the Christmas tree on the ground floor of the school.*

Scríofa ag Kate Ní Cheallaigh & Saoirse Ní Lia R6B



## Díolachán Cístí do Focus Ireland

### Bake sale in aid of Focus Ireland

D'eagraigh Alice Sincléir (R5B) díolachán cístí in ionad paróiste Áth an Ghainimh ar an Domhnach an 8 Nollaig ar son an carthanacht Focus Ireland.

Cabhraíonn Focus Ireland le daoine gan dídean agus tá siad ag díriú faoi láthair go speisialta ar chlannta atá gan dídean an Nollaig seo.

Le cabhair óna cairde i nGaelscoil Thaobh na Coille d'éirigh leí €550 a bhailiú do Focus Ireland. Buíochas mór le gach duine a bhácáil nó a cheannaigh cístí ar an lá. Maith sibh go léir.

*Alice Sinclair (R5B) organised a bake sale in aid of the charity Focus Ireland in St. Mary's Parish Centre, Sandyford on Sunday 8<sup>th</sup> of December.*

*Focus Ireland helps families, young people and children at risk or affected by homelessness.*

*Alice along with her friends raised the great sum of €550.00 on the day. Míle buíochas to everyone who baked or bought cakes on the day. Well done everyone.*



*Alice & Cara Sincléir le seic €550.00 do Focus Ireland*

## Crannchur na Nollag Christmas Raffle

Bíonn ticéid do Chrannchur na Nollag ar díol i gclós na scoile gach lá: €1 an ceann. Duaiseanna den scoth. Beidh an tarraingt á dhéanamh ag an maidin caifé ar an Déardaoin 19.

*Tickets for the Christmas Raffle are on sale in school yard every day for €1 each. Wonderful prizes. Draw will be made at the Coffee Morning on Thursday 19th.*



## Bronntanas Rúnda

### Crannchur na Nollag

Tá Coiste na dTuistí an-ghnóthach ag réiteach do Shiopa na mBronntanas Rúnda. Beidh na páistí in ann 2 bhronntanas a cheannach do mham, do dhaid nó do dhuine fásta eile ar €2 an ceann! Beidh an-chuid bronnatanais ag teastáil. Mar sin cuardaigh sa bhaile d'aon bronnntanas atá agat (nó ag cairde leat) nach bhfuil ag teastáil & bronn iad ar an scoil. Is gá dóibh a bheith nua agus muna mbéifeá sásta iad a fháil mar bhronntanas tú féin ná bronn iad ar an scoil!



*Coiste na dTuistí are busily preparing for 'Siopa na mBronntanas Rúnda'. The children will be able to buy 2 presents for mom, dad or another special adult, at a price of €2 each. Lots of gifts are needed. Please search your home (& your friend's homes) for unwanted gifts and donate them to the school. All gifts must be new and unused and remember if you would not be happy to receive it as a present yourself please do not donate it!*

Ticéid do Chrannchur na Nollag ar díol i gclós na scoile gach lá: €1 an ceann. Duaiseanna den scoth. Beidh an tarraingt á dhéanamh ag an maidin caifé ar an Déardaoin 19.

*Tickets for the Christmas Raffle are on sale in school yard every day for €1 each. Wonderful prizes. Draw will be made at the Coffee Morning on Thursday 19th.*

## Feabhsúcháin ar Sheoltán na Rothar

### Improvements to the Bicycle Shelter

Tá síneadh curtha leis an seoltán rothar, ráille curtha idir é agus an carr-pháirc agus cosán breá ag dul sall chuige. Is ar mhaithe le sláinte & slándáil na bpáistí a rinne an Bord Bainistíochta na feabhsúcháin seo.

*The bicycle shelter has been extended, a railing put between it and the car park and a wide pedestrian access path put in. These improvements were put in place by the Board of Management with the safety & wellbeing of the children in mind.*



## Gearrnótaí

### Féile na Nollag R3 go R6

Beidh Féile na Nollag R3 go R6 ar siúl sa scoil ar an Mháirt an 17 Nollaig ag 1.00pm. Failte roimh thuistí a bheith i láthair.

### Crannchur na Nollag

€ 1 an ticéad. Duaiseanna íontacha le buachaint. Ticéid á dhíol ag Coiste na dTuistí sa chlós gach lá.

### Bronntanas Rúnda

Céadaoin 18 Nollaig i halla na scoile - 9.00am ar aghaidh. 2 Bhrontanas an páiste (€2 an ceann).

### Maidin Caifé

Tá maidin caifé na Nollag á reachtáil ag Coiste na dTuistí i halla na scoile ar an **Déardaoin an 19 Nollaig** ó 9.00am go 10.30am. Seans íontach is ea é bualadh le tuismitheoirí eile agus dreas cainte & clabaireachta a dhéanamh! Beidh Cannchur na Nollag ar an lá sin freisin. Ná déan dearmad do chuid Gaeilge a úsáid & a chleachtadh freisin agus tú istigh sa scoil. Fáilte roimh chách.

### Saoire na Nollag

Beidh an scoil ag dúnadh do shaoire na Nollag ar an Aoine an 20 ag a 12.00 a chlog. Oslóidh an scoil arís don bhliain úr ar an Luan an 6 Eanáir 2020.

### Cártaí Álainn Ildaite



12 cárta ar €10 Pictiúir cruthaithe ag daltaí R5 & R6. Spás bán laistigh ionas gur féidir iad a úsáid d'ócáid ar bith! Á dhíol ag Féile na Nollag, Maidin Caifé & Bronntanas Rúnda. Ar fáil freisin ó oifig na scoile.

### Ceachtanna Snámha

Beidh daltaí R2 ag freastal ar cheachtanna snámha ón 10/01/2020 ar feadh 9 seachtainí. Costas €65 (len íoc tríd an gcóras r-íocaíochtaí i mí Eanáir).



Rang a 2 will be attending swimming lessons from the 13/01/2020 for 9 weeks. Cost €65 (to be paid in Jan via the new e-payments system)

## Brief Notices

### Féile na Nollag R3 go R6

Our Christmas Concert for R3 to R6 will take place on Tuesday the 17th of December at 1.00pm. All parents welcome.

### Christmas Raffle

€1 per ticket. Lots of great prizes to be won. Tickets can be bought from Coiste na dTuistí everyday in the yard.

### Bronntanas Rúnda

Wednesday 18th December in the school hall - from 9.00am. 2 presents per child (€2 each)

### Coffee Morning

Coiste na dTuismitheoirí are holding a coffee morning in the school on Thursday morning **19th of December** from 9.00am - 10.30am. It's a great opportunity to get to know other parents and enjoy a chat and good 'gossip'! There will be a Christmas Raffle thrown in for good measure! Ná déan dearmad do chuid Gaeilge úsáid & a chleachtadh freisin agus tú istigh sa scoil. All are welcome.

### Christmas Holidays

The school will close for the Christmas holidays on Friday the 20th at 12:00 o'clock. The school will re-open in the new year on Monday the 6th of January.

### Beautiful Colourful Cards

12 cards for €10. Pictures created by daltaí R5 & R6. Blank inside so can be used for all occasions! Available from Coiste na dTuistí at Féile na Nollag, at the Maidin Caifé and Bronntannas Rúnda next week! Also available from the office.



### Swimming Lessons

## Beannachtaí na Nollag Oraibh 50 Léir

